**F:** Is í Sláinte Phoiblí a chuirfidh in iúl uainiú na tástála do dhlúth-theagmhálaithe. Braithfidh sé sin ar an uair go deireanach a raibh an dalta/scoláire/ball foirne i dteagmháil leis an gcás deimhneach. Socrófar tástáil laistigh de 1-2 lá

**C: An bhfaighidh an dalta/scoláire nó ball foirne tástáil amháin nó níos mó ná tástáil amháin? Más é an dara cás atá amhlaidh, cén fáth?**

**F:** Cuirfidh Sláinte Phoiblí in iúl an bhfuil tástáil amháin le haghaidh COVID-19 nó níos mó ag teastáil ó dhalta/scoláire/bhall foirne. Beidh tástáil ag teastáil uathu de ghnáth ar Lá 0 agus ar Lá 7 ó nochtadh iad go deireanach don chás deimhnithe, ach féadfaidh tosca a bheith ann nach n-éileoidh Sláinte Phoiblí ach tástáil amháin a dhéanamh m.sh. má tá go leor ama imithe ionas go mbeidh an chéad tástáil do dhlúth-theagmhálaithe ann 7 lá ó bhí sé/sí go deireanach i gcuideachta an duine, ní theastóidh ach tástáil amháin orthu. Déanfaidh dochtúirí Sláinte Phoiblí an breithiúnas sin tar éis an mheasúnaithe riosca.

## Do ghluaiseachtaí a shrianadh

**C: Cad a chiallaíonn sé do ghluaiseachtaí a shrianadh?**

**F:** Is é a chiallaíonn do ghluaiseachtaí a shrianadh teagmháil le daoine eile agus suíomhanna sóisialta a sheachaint an oiread agus is féidir.

Mar sin déanfaidh daltaí/scoláirí/baill foirne na nithe seo a leanas:

- Beidh orthu fanacht sa bhaile ón scoil.
- Ní bheidh siad in ann iompar poiblí a úsáid.
- Ní bheidh siad in ann cuairteoirí a bheith acu sa bhaile.
- Ní bheidh siad in ann dul ag siopadóireacht – ina áit sin, nuair is féidir, ordóidh siad earraí ar líne nó iarrfaidh siad ar bhaill teaghlaigh nó ar chairde iad a thabhairt a fhad leo.
- Ba chóir dóibh fanacht glan ar sheandaoine agus/nó aon duine a bhfuil riocht leighis fadtéarmach orthu
- Ní bheidh siad in ann taisteal lasmuigh nó laistigh d'Éirinn.

**C: Má thagann tástáil ar ais mar "nneamhbhraitedo dhalta/scoláire/bhall foirne siomptómach, an mbeidh iallach ar an duine fós a ngluaiseachtaí a shrianadh agus cén fáth?**

**F:** Beidh. Má fhaigheann an duine toradh tástála diúltach / "níor braitheadh", ba chóir don duine fanacht sa bhaile go dtí go mbeidh siad ar fónamh a ndóthain le filleadh ar scoil, ach amháin gur iarr FSS go sonrach ar thuismitheoirí/chaomhnóirí (de chuid daltaí/scoláirí) nó ar bhaill foirne fanacht eisiata mar gheall ar fhiosrú breise.

Is féidir le dalta/scoláire/ball foirne filleadh ar a ngnáthghníomhaíochtaí má thugtar dóibh:

- toradh tástála diúltach ("níor braitheadh") **agus** má tá siad 48 n-uaire gan siomptóim
  nó
- diagnóis eile, nach COVID-19 é.

Ní bheidh ar na daoine a chónaíonn leis an duine a ngluaiseachtaí a shrianadh ansin.

**C: Má thagann tástáil ar ais 'SARS-CoV-2 braite' (cás COVID-19 deimhnithe) an mbeidh ar an dalta/scoláire/ball foirne féin-aonrú?**

**F:** Má bhí siomptóim COVID-19 ar dhuine ba chóir dóibh a bheith ag féin-aonrú. Má fhaigheann dlúth-theagmhálaí a bhí ag srianadh a ngluaiseachtaí toradh tástála deimhneach COVID-19 (SARS-CoV-2 braite), is cás deimhnithe COVID-19 anois iad agus caithfidh siad féin-aonrú; chomh maith leis sin, caithfidh a ndlúth-theagmhálaithe, lena n-áirítear teagmhálaithe teaghlaigh, tú a chur le srianadh a ngluaiseachtaí chomh maith. B'fhéidir go raibh siad ag srianadh a ngluaiseachtaí cheana féin, ach murar measadh ach duine amháin sa teach a bheith ina ndlúth-theagmhálaí mar gheall a bheith i gcuideachta duine lasmuigh den teach e.g. sa scoil, ansin ní bheadh na baill teaghlaigh eile tar éis a bheith ag srianadh a ngluaiseachtaí go dtí an pointe seo.

**C: Má thástáil dalta/scoláire/ball foirne deimhneach le haghaidh COVID 19 agus má bhí siad ag féin-aonrú ar feadh 10 lá ina dhiaidh sin, an féidir leo filleadh ar scoil/obair?**

**F:** Is féidir, a fhad is go mbíonn an dá choinníoll seo a leanas i bhfeidhm:

- ní raibh teocht ard acu (38 gcéim Celsius nó níos airde) le cúig lá anuas
- tá deich láann ó d'fhorbair siad siomptóim ar dtús

# Faisnéis dlúth-theagmhálaithe

**C: Cad is gá do thuismitheoir/chaomhnóir a dhéanamh le dalta/scoláire a fuair toradh deimhnithe COVID-19?**

**A.** Measfar tuismitheoirí/caomhnóirí go huathoibríoch a bheith ina ndlúth-theagmhálaithe má thástálann a bpáiste deimhneach le haghaidh COVID-19, déanfaidh an t-ionad rianaithe teagmhálaithe teagmháil leo, eagrófar tástáil dóibh nó is dlúth-theagmhálaithe iad agus beidh orthu a ngluaiseachtaí a shrianadh ar feadh na 14 lá ar fad.

**C: Cad é an sainmhíniú do dhlúth-theagmhálaí?**

**F: Measfar duine a bheith ina d(h)lúth-theagmhálaí más ea**

- Gur chaith sé/sí níos mó ná 15 nóiméad i dteagmháil phearsanta laistigh de dhá mhéadar nó sé troithe ó chás deimhnithe
- Go gcónaíonn sé/sí sa teach céanna nó i lóistín comhroinnte le cás deimhnithe
- Go gcomhroinneann sé/sí spás iata le cás deimhnithe ar feadh níos mó ná dhá uair

**Tabhair faoi deara: Úsáidtear Measúnú Riosca Sláinte Poiblí (MRSP) i dtimpeallacht na scoile chun na dlúth-theagmhálaithe a dheimhniú**

**C: Conas a gheobhaidh dalta/scoláire/baill foirne amach gur dlúth-theagmhálaí iad?**

F: Is féidir go mbeidh ar an scoil a chur in iúl go neamhfhoirmiúil don dalta/scoláire nó ball foirne e.g. nuair atáthar ag iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a bpáiste a thógáil nó nuair atáthar ag iarraidh ar bhall foirne dul abhaile.

Féadfaidh Sláinte Phoiblí litir, foclaíocht mholta le haghaidh teachtaireacht téacs nó ríomhphoist a chur ar fáil, is féidir leis an scoil a thabhairt do na tuismitheoirí nó na baill foirne a shainaithnítear mar dhlúth-theagmhálaithe.

Cuirfidh foireann rianaithe teagmhálacha FSS glao ar thuismitheoirí/chaomhnóirí daltaí/scoláirí agus/nó baill foirne a shainaithnítear mar dhlúth-theagmhálaithe. Déanfaidh FSS socrú chun go mbeidh coinne ag an bpáiste/ball foirne le haghaidh thástáil COVID-19 shaor in aisce. Mar dhlúth-theagmhálaí de chuid cáis dheimhnithe iarrfar orthu a ngluaiseachtaí a shrianadh le haghaidh na 14 lá ar fad, fiú má tá a dtástáil nó a dtástálacha COVID-19 diúltach ("níor braitheadh").

Má fhorbraíonn páiste aon siomptóim COVID-19, ba chóir dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí glao ar a ndochtúir gan mhoill.

**C: Cad ba chóir don Phríomhoide a dhéanamh má chuireann tuismitheoirí daltaí/scoláirí nó baill foirne, nár sainaithníodh mar dhlúth-theagmhálaí, glao ar an scoil ag fiafraí eolais ar an gcás deimhnithe (deimhneach) agus dlúth-theagmhálaithe eile?**

F: Ní féidir leis an scoil aon tráchtaireacht a dhéanamh ar chásanna nó ráigeanna aonair toiscgo sárófaí príobháideachas agus rúndacht na ndaoine i gceist dá ndéánfaí amhlaidh. Nuair a shainaithnítear cás COVID-19 atá nasctha le scoil, pléann gairmithe Shláinte Phoiblí an t-ábhar go díreach leis an duine, nó leis an teaghlach de réir mar is cuí, agus fiafróidh siad díobh faoina dteagmhálaithe Pléifidh gairmithe Shláinte Phoiblí an t-ábhar chomh maith go díreach leis an scoil, agusmeasúnú riosca sláinte poiblí a dhéanamh. IS ag an bpointe sin a dhéantar aon bhearta molta, lena n-áirítear daltaí nó baill foirne a eisiamh.Féadfaidh freagairtí agus moltaí le haghaidh gach áise a bheith éagsúil ceart go leor, ag brath ar na tosca sainaitheanta ag Sláinte Phoiblí.

**C: An féidir le rang ina bhfuil cás deimhnithe Covid-19 freastal ar scoil?**

F: Beidh Measúnú Riosca Sláinte Poiblí (MRSP) déanta ag FSS. Is iad na daoine a shainaithníonn Sláinte Phoiblí mar dhlúth-theagmhálaithe an t-aon dream nach féidir leo freastal ar scoil. D'fhéadfadh an líon daoine sin a bheith beag, e.g. "meitheal", nó d'fhéadfadh rang iomlán a bheith ann. Dá bhforbróh dalta/scoláire/ball foirne siomptóim a d'fhéadfadh a bheith comhsheasmhach le Covid-19 ámh, ba chóir dóibh féin-aonrú láithreach bonn agus an t-ábhar a phlé lena ndochtúir.

**C: Cén teachtaireacht is féidir a chur in iúl don scoil ar fad? (más gá)**

F: Bheadh an méid seo i leanas i dteachtaireacht mholta: "*Tá FSS ag treorú ár scoile trí na gníomhartha nach mór dúinn a dhéanamh chun baill foirne, scoláirí agus ár bpobal scoile a chosaint. Tá Measúnú Riosca Sláinte Poiblí déanta. Tá gach dlúth-theagmhálaí curtha ar an eolas agus curtha abhaile ó scoil chun a ngluaiseachtaí a shrianadh ar feadh 14 lá. Leanfaidh pobal na scoile ar aghaidh ag dul i ngleic le comhairle Shláinte Phoiblí agus á cur i bhfeidhm chun sinn féin agus pobal na scoile a chosaint ó Covid-19.*"

**C: Cad é stádas baill teaghlaigh de chuid an dalta/scoláire nó baill foirne a sainaithníodh mar dhlúth-theagmhálaí?**

F: Ní mór don duine (dalta/scoláire nó ball foirne) atá ina d(h)lúth-theagmhálaí a ngluaiseachtaí a shrianadh ar feadh na 14 lá ar fad, ach ní gá d'aon bhall teaghlaigh eile é sin a dhéanamh – ach amháin go n-aithnítear iadsan mar dhlúth-theagmhálaí freisin.

**C: An féidir le deartháireacha agus deirfiúracha nó páistí baill foirne ar dlúth-theagmhálaí é nó í freastal ar scoil?**

F: Is féidir.
Ní chaithfidh ach an ball foirne ar dlúth-theagmhálaí é/í a g(h)luaiseachtaí a shrianadh, fiú mura bhfuil aon siomptóim acu. Ach ní chaithfidh aon bhall teaghlaigh eile é sin a dhéanamh – ach amháin go n-aithnítear iadsan mar dhlúth-theagmhálaí freisin.

Ach má fhorbraíonn an ball foirne ar dlúth-theagmhálaí é/í siomptóim COVID-19 is amhlaidh ansin ar cás amhrasta COVID-19 é/í agus ba chóir dó/di féin-aonrú a dhéanamh agus teagmháil a dhéanamh lena d(h)ochtúir, agus míniú a thabhairt gur sainaithníodh é/í mar dhlúth-theagmhálaí le cás deimhnithe COVID-19 agus go bhfuil siomptóim air/uirthi féin anois freisin.

Má chinneann an dochtúir gur cás amhrasta COVID-19 anois é/í, déanfaidh sé/sí socrú le haghaidh tástála agus ba chóir don dlúth-theagmhálaí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- leanúint ar aghaidh ag féin-aonrú; agus
- ba chóir do bhaill teaghlaigh a ngluaiseachtaí a shrianadh, de réir na treorach do theagmhálaithe teaghlaigh de chuid cáis amhrasta COVID-19.

**C: Cad ba chóir do bhaill teaghlaigh a dhéanamh má fhaigheann an dalta/scoláire/ball foirne toradh COVID-19 deimhnithe?**
F: Meastar na baill teaghlaigh anois a bheith ina ndlúth-theagmhálaithe de chuid cáis deimhnithe COVID-19 agus ní mór dóibh dá réir a ngluaiseachtaí a shrianadh le haghaidh na 14 lá ar fad.

**C: Cad ba chóir do na baill teaghlaigh a dhéanamh má fhaigheann an dalta/scoláire/ball foirne toradh "neamhbhraite" tar éis an lín tástálacha éigeantaigh?**

**F:** Ní gá do na baill teaghlaigh a ngluaiseachtaí a shrianadh

## Tástáil

**C: An bhfuil uair ar bith ann ar chóir do dhuine a tástáladh deimhneach le haghaidh COVID-19 a bheith ag freastal ar scoil?**

**F:** Féadtar roinnt páistí a chónaíonn in Ionaid Soláthair Dhírigh a thástáil le haghaidh COVID-19 mar chuid den ghnáth-thástáil náisiúnta le haghaidh timpeallachtaí leochaileacha. Ba chóir do na páistí sin freastal ar scoil agus iad ag fanacht leis na torthaí tástála sin.
Níor chóir d'aon pháiste atá siomptómach nó á thástáil de bhrí go bhfuil siad i ndlúth-theagmháil le cás deimhnithe a bheith laistigh de thimpeallacht na scoile.

## Deimhnithe

**C: Má fhilleann páiste ar scoil ach mura ndearnadh tástáil COVID-19 air/uirthi ar chóir dom deimhniú dochtúra a lorg lena aghaidh sin?**

**F:** Níor chóir. Tá foirm féindeimhnithe ar shuíomh gréasáin LFCS (www.hpsc.ie) "Foirm Dearbhaithe Tuismitheora um Fhilleadh ar Áis Oideachais", ar féidir le tuismitheoirí í a chomhlánú.

**C: Cad é faoi má tá siomptóm ainsealach ar pháiste e.g. casacht, a deir na tuismitheoirí nach mbaineann le COVID-19**

**F:** Má tá siomptóim fhadtéarmacha ar pháiste a bhaineann le riocht ainsealach e.g. casacht ainsealach, a bhaineann le hasma, is féidir leo/a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí foirm féindearbhaithe a chomhlánú ar shuíomh gréasáin LFCS (www.hpsc.ie) lena aghaidh sin. Ní theastaíonn litir uathu óna ndochtúir.

## Toradh a chur in iúl

**C: Cá fhad a thógfaidh sé toradh tástála a fháil?**

**F:** Má tá an toradh diúltach / neamhbhraite – cuirfear teachtaireacht téacs laistigh de 48 n-uaire.
Má bhraitear SARS-CoV-2 (toradh deimhneach COVID-19) cuirfidh FSS glao ar an duine nó tuismitheoirí/chaomhnóirí a luaithe agus is féidir.

**C: Más é "neamhbhraite" an toradh a bhí ar thástáil dalta/scoláire/baill foirne, conas a chuirfear é sin in iúl dóibh?**
**F:** Gheobhaidh tú teachtaireacht téacs má tá an tástáil diúltach le haghaidh COVID-19 (níor braitheadh SARS-CoV-2). Is féidir go bhfaighidh tú COVID-19 amach anseo.

Ba chóir duit leanúint ar aghaidh ag leanúint na dtreoracha chun tú féin agus daoine eile a chosaint.

**C: Más é braite (deimhneach) an toradh a bhí ar thástáil dalta/scoláire/baill foirne, conas a chuirfear é sin in iúl dóibh?**

**F:** Má tá toradh deimhneach tástála ann le haghaidh COVID-19 (braitheadh SARS-CoV-2), tosóidh na próisis a bhaineann le faisnéis cáis a bhailiú agus rianú teagmhálaithe. Cuirfidh rianairí teagmhálaithe FSS glao ar an duine nó ar thuismitheoirí/chaomhnóirí (an pháiste). Cuirfear an cás ar aghaidh go dtí an OLS laistigh de Rannóg Sláinte Poiblí le haghaidh measúnú agus bainistíocht riosca sláinte. Déanfaidh an OLS teagmháil leis an scoil agus cuirfidh sé/sí in iúl dóibh maidir le gníomh breise de réir mar is gá.

**C: An gcomhroinnfear toradh dalta/scoláire/baill foirne leis an áis oideachais?**

**F:** Fanann torthaí thástálacha COVID-19 faoi rún de réir na rúndachta idir othar agus dochtúir. Ní chuirfear na torthaí in iúl d'aon dalta/scoláire, tuismitheoir, teaghlach ná múinteoir eile.

Ach ba chóir a chur in iúl do thuismitheoirí ag pointe na tástála, má tá toradh a bpáiste deimhneach le haghaidh COVID-19 (SARS-CoV-2-19 braite); is dócha ansin go gcaithfear é a chomhroinnt le duine ainmnithe cuí laistigh den scoil/áis oideachais, má mheasann an tOifigeach Leighis Sláinte é sin a bheith riachtanach le haghaidh bainistíocht shábháilte an cháis feasta.

**C: Má thástálann na dlúth-theagmhálaithe a shainaithnítear laistigh den scoil deimhneach, an ndéanfaidh sláinte phoiblí measúnú riosca eile agus an mbeidh gá le haon ghníomh ón scoil**

**F:** Athbhreithneoidh sláinte phoiblí an cás agus leanfaidh siad ar aghaidh lena ngníomhaíocht. Bíonn measúnú riosca Shláinte Poiblí dinimiciúil agus athraitheach, de réir mar a dhéantar faisnéis a charnadh.

**C: Cad é faoi má tá dalta/scoláire/ball foirne ag fanacht níos mó ná trí lá le haghaidh toradh tástála?**

**F:** Ba chóir d'aon duine atá ag fanacht níos faide ná trí lá le haghaidh toradh tástála COVID-19 dul i dteagmháil le "seirbhís chuardaigh FSS um thástáil COVID-19 mhall" trí cheann amháin de na roghanna seo thíos a roghnú:

- Comhlánaigh an fhoirm ar líne www.hse.ie/CovidResults; nó
- Saorghlao HSELive ar 1850 24 1850 a thógfaidh do shonraí. Bíonn an tseirbhís sin ar oscailt ó Luan go hAoine: idir 8am agus 8pm, agus idir 9am agus 5pm ar an Satharn agus ar an Domhnach; nó
- Glaoigh ar do dhochtúir a bheidh in ann fiosrú a chur isteach thar do cheann ag úsáid foirm chosanta.

# Úsáid na n-ardán ar líne

**C: Má tá áiseanna le haghaidh meán ar líne ag an scoil ar chóir iad sin a úsáid mar fhóram do thuismitheoirí chun faisnéis COVID-19 a chomhroinnt?**

**F:** Níor chóir, ní mholaimid úsáid fóram ar líne a spreagadh maidir le cásanna nó teagmhais a bhaineann le COVID-19 laistigh den scoil. Tá sé sin amhlaidh de bhrí gur féidir dá thoradh sin daoine aonair a bheith aitheanta ar cásanna deimhnithe COVID-19 iad, a mbeadh de thoradh air sárú ar rúndacht, nó dímheas an phobail a chur ar pháistí agus teaghlaigh ar cásanna deimhnithe COVID-19 iad. Is féidir leis sin ar a sheal féin, é a dhéanamh dúshlánach do dhaoine aon siomptóim/ábhair imní a nochtadh go tráthúil, rud a dhéanfaidh níos deacra do scoileanna agus baill foirne Shláinte Phoiblí chun gach duine a chosaint.

**C: Má tá áiseanna le haghaidh meán ar líne ag an scoil ar chóir iad sin a úsáid mar fhóram do thuismitheoirí chun faisnéis COVID-19 a chomhroinnt?**

**F:** Níor chóir, ní mholaimid úsáid fóram ar líne a spreagadh maidir le cásanna nó teagmhais a bhaineann le COVID-19 laistigh den scoil. Tá sé sin amhlaidh de bhrí gur féidir dá thoradh sin daoine a shainaithint de thimpiste a d'fhéadfadh a bheith deimhnithe

## Taisteal

**C: Cad é an chomhairle do dhaoine atá ag taisteal isteach go hÉirinn ó thír nach bhfuil ar an liosta glas?**

**F:** Ní mór do dhalta/scoláire/bhall foirne atá ag taisteal go hÉirinn ó áit **nach** bhfuil ar Liosta Glas COVID-19 a ngluaiseachtaí a shrianadh ar feadh na 14 lá go léir. Áirítear leis sin saoránaigh agus cónaitheoirí atá ag filleadh ar Éirinn.

**Tá eolas agus comhairle suas chun dáta maidir leis an gcoróinvíreas ar fáil ar fss.**